Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Co-Funded by the European Union

An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

Coinníollacha maidir le hairgead de Chiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú a fháil (2026/2027)

A. Cúlra de Chiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú

Tá Ciste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú comhchistithe ag An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais ("DCDE") agus ag an gCoimisiún Eorpach. Is scéim phíolótach é NSLF 2026/2027 agus d'fhéadfadh sé go leasóidh an DCDE é i leith blianta acadúla atá le teacht.

Tríd an NSLF, tá an DCDE ag iarraidh leibhéal an mhaoinithe a mhéadú go sonrach maidir le hoideoirí luathbhlianta faofa agus le cleachtóirí Chúraim Leanaí in Aois Scoile ("SAC") faofa a thugann faoi chláir oideachais sholúbtha i bhFoghlaim agus i gCúram na Luath-Óige ("ELC") nó SAC ag Leibhéal 7 agus 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus iad ag leanúint den obair ag an am céanna san earnáil.

Íocfaidh an NSLF ranníocaíocht gach bliain do chostais faofa de staidéar oideoirí, agus beidh an maoiniú ag dul go díreach go dtí na hinstitiúidí oideachais chun bac na gcostais tosaigh atá ag oideoirí luathbhlianta agus cleachtóirí SAC a íoslaghdú. Tá sé mar choinníoll maoinithe go bhfanfaidh faighteoir an chistithe mar fhostóir in earnáil Cúraim Leanaí in Aois Scoile nó ELC. (Seirbhís Croímhaoinithe) ar feadh thréimhse an staidéir.

Dearadh an ciste beartaithe ionas go gcuirfidh sé le tacaíochtaí airgeadais eile (agus maoiniú dúbailte uathu a sheachaint) atá ar fáil d'oideoirí, na cinn atá ar fáil ó Thionscnamh um Tháillí Saor in Aisce san áireamh.

Tá DCDE tiomanta cistiú a chur sholáthar i leith méid is comhionann le 80% de tháillí suas le huasmhéid €3,200 d'fhaighteoirí, tar éis gach ciste tacaíochta an rialtais do tháillí teagaisc a chur san áireamh agus beidh an mac léinn freagrach don institiúid ardoideachais ábhartha as an 20% eile de tháillí atá dlite.

Tá na rialacha agus coinníollacha ó thaobh cistithe faoin NSLF

cumtha ag an DCDE. Cuirfidh Pobal an próiseas iarratais chun feidhme agus déanfaidh siad soláthar an chistithe a sholáthraítear faoin NSLF a oibriú agus a bhainistiú d'iarratasóirí thar ceann na Roinne. Cuirfidh Pobal maoiniú maidir le mac léinn ar fáil go díreach don institiúid bhainteach ardoideachais.

B. Coinníollacha Cistithe NSLF

Tá soláthar an chistithe tríd an NSLF ag brath ar choinníollacha mar a leagtar amach thíos. Tá Gluais Téarmaí san áireamh in Aguisín 3 chun cabhair a thabhairt d'iarratasóirí féideartha tuiscint níos fearr a fháil ar chuid de na téarmaí atá san áireamh sa cháipéis seo. Sonraítear na rialacha infheidhme ar chistiú a sholáthar, lena n-áirítear an próiseas measúnaithe á reáchtáil ag DCDE maidir le hiarratais i gcomhair cistithe leis na **Rialacha Infheidhme Maidir le Soláthar Cistithe faoin NSLF 2026/2027**, agus tá siad ar fáil ag suíomh gréasáin DCDE ag www.gov.ie/NurturingSkillsLearnerFund Mar atá thuasluaite, coimeádann an DCDE an ceart acu na rialacha infheidhme maidir le soláthar cistithe de bhun an NSLF a leasú nó a nuashonrú. Tá an dualgas ar iarratasóirí féideartha na rialacha infheidhme ar chistiú maidir le bliain acadúil ar leith a mheas.

Nuair a chuireann an faighteoir iarratas isteach ar chistiú faoin NSLF **aithníonn agus comhaontaíonn an faighteoir na nithe seo a leanas**:

1. Ní sholáthraítear maoiniú NSLF ach amháin d'fhaighteoirí a mheastar a bheith incháilithe i leith cistithe de réir **Rialacha Infheidhme Maidir le Soláthar Cistithe faoin NSLF 2026/2027**.

2. ní sholáthraítear cistiú faoin NSLF ach amháin d'fhaighteoirí a bhfuil glacadh leo, agus atá cláraithe agus i mbun staidéir i gCúrsa Faofa;

3. i gcomhréir leis an ngealltanas maidir le Scileanna a Chothú, ní thacóidh an NSLF ach amháin le faighteoirí atá ag tabhairt faoi chúrsaí a bhfuil a cháilíocht dearbhaithe go bhfuil sé i gcomhréir le Critéir Dhámhachtana Ghairmiúla agus Treoirlínte (PACG) (le haghaidh dámhachtainí ar leibhéal 7 agus 8) trí fhaomhadh ag

an QAB mar a liostaítear in Aguisín 2;

4. tá soláthar an chistithe faoin NSLF ag brath ar infhaighteacht an chistithe agus/nó an leanfar ar aghaidh leis an scéim;

déantar an méid iomlán a gheobhaidh an faighteoir a ríomh bunaithe ar an tsamhail chistithe a shainaithnítear leis na **Rialacha Infheidhme Maidir le Soláthar Cistithe faoin NSLF 2026/2027**. Chun amhras a sheachaint déantar an méid a fhaightear a ríomh ar an mbonn go n-asbhaintear gach cineál de mhaoiniú Rialtais a fhaigheann an faighteoir ón méid atá dlite don Institiúid ardoideachais. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtacaítear le tobhaigh, táillí scrúdaithe nó táillí bronnta céime an mhic léinn leis an gciste.

5. leagfar amach faisnéis maidir le híocaíochtaí cistithe déanta ag Pobal thar ceann an DCDE d'fhaighteoir cistithe sa litir chistithe NSLF a sheolfar chuig an mac léinn trí Thairseach na Mac Léinn nó trí ríomhphost ó Pobal. Chun amhras a sheachaint ní íocfar cistiú an mhic léinn ach amháin go díreach leis an institiúid ardoideachais ábhartha, faoi réir fhíorú an DCDE den fhaisnéis a chuir an faighteoir isteach ina n-iarratas ar chistiú sula scaoilfear an cistiú. Soláthrófar an méid sonrach de chistiú ar dháta níos déanaí tar éis don ríomh a chur i gcrích;

6. ní bhfaighidh faighteoirí cistithe NSLF an cistiú go díreach. Tabharfaidh méid an chistithe, mar a shonraítear sa litir chistithe NSLF a sheol an DCDE chuig an bhfaighteoir, go díreach don Institiúid ardoideachais a bhfuil an Cúrsa Faofa curtha ar fáil aici;

7. ní sháróidh an cistiú ón NSLF i gcomhair gach faighteora uasmhéadú €3,200 in aghaidh gach faighteora in aghaidh na bliana acadúla gan brath ar Tháille iomlán an chúrsa. Íocfaidh an faighteoir an 20% atá fágtha (ar aisíocfar 10% de don fhaighteoir tar éis an cúrsa a chur i gcrích ag brath ar bheith ag obair san earnáil i Seirbhís Croímhaoinithe agus ag brath ar an suirbhé fágála ábhartha a chur i gcrích), mar aon le haon táille gan íoc os cionn €3,200, go díreach leis an Institiúid

ardoideachais;

8. mar chuid den chistiú DCDE agus de chistiú an Aontais Eorpaigh tá ceanglas ann go ndéanann faighteoirí a fuair ciste ón NSLF suirbhé fágála. Beidh faighteoirí i dteideal cúitimh chun lacáiste 10% de tháillí an chúrsa a fháil suas go huasmhéid €400 in aghaidh na bliana más féidir leo fianaise a chur ar fáil go bhfuil siad fostaithe san earnáil i Seirbhís Croímhaoinithe 6 mhí tar éis a mbronnta céime agus tar éis an suirbhé fágála a chur i gcrích. Íocfar an lacáiste sin go díreach leis an bhfaighteoir;

9. má fhoirceannann an DCDE cistiú le haghaidh faighteora ar chúis ar bith, ansin, chun amhras a sheachaint, beidh aon táille gan íoc nó aon táille fhéideartha maidir le soláthar Cúrsa Faofa ina hábhar idir an faighteoir ábhartha agus an institiúid ardoideachais;

10. tá faisnéis i seilbh an DCDE maidir le NSLF faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 (Acht FOI). Leagtar amach rochtain ar fhaisnéis ag an nasc seo a leanas:

https://www.gov.ie/en/department-of-children-disability-and-equality/organisation-information/freedom-of-information-foi/https://DCDE.ie/freedom-of-information/

Tá soláthar an chistithe d'fhaighteoir an chistithe **faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas freisin**:

11. áiritheoidh faighteoir an chistithe go mbeidh faisnéis chruinn atá cothrom le dáta agus na cáipéisí uile de réir mar a éileoidh an DCDE uaslódáilte chuig Tairseach na Mac Léinn de chuid NSLF laistigh den amlíne a leagtar amach de réir an DCDE / Pobal;
Sa chás nach bhfuil an tIarratasóir Rathúil cláraithe a thuilleadh do Chúrsa Faofa (ar chúis amhail na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh); astarraingt, iarchur nó seimeastar a athdhéanamh; ansin ní mór don Iarratasóir Rathúil Pobal a chur ar an eolas trí ríomhphost chuig NSLF@pobal.ie agus na cúiseanna a leagan amach cén fáth nach bhfuil siad cláraithe a thuilleadh do Chúrsa Faofa.

12. ní mór d'fhaighteoir cistithe freagra a thabhairt d'aon cheist

curtha ag an DCDE, ag Pobal agus/nó ag daoine ar bith eile de réir mar a éileoidh DCDE í; agus

13. comhlíonadh a chur i gcrích ag faighteoir an chistithe maidir le **Rialacha Infheidhme Maidir le Soláthar an Chistithe faoin NSLF 2026/2027**; agus

Mura gcomhlíonfaidh faighteoir an chistithe na coinníollacha thuasluaite, d'fhéadfadh sé go mbeidh tionchar aige sin ar sholáthar an chistithe go dtí cistiú ón DCDE a scor, agus ciste ón DCDE a scor san áireamh.

C. <u>Foirceannadh an Chistithe</u>

Beidh sé de cheart ag an DCDE soláthar an chistithe a stopadh d'fhaighteoir má tharlóidh aon cheann de na nithe seo a leanas:

1. i gcás sárú tromchúiseach ag an bhfaighteoir nó i gcás sraith sáruithe tromchúiseacha ar choinníollacha an chistithe leagtha amach thuas;

2. má dhéanann faighteoir aon bhriseadh ar na coinníollacha thuas maidir le cistiú agus má theipeann orthu an briseadh a réiteach laistigh den tréimhse ama atá sonraithe i scríbhinn ag an DCDE;

3. má fhaigheann an DCDE amach go bhfuil amhras ann gur sholáthair an faighteoir faisnéis bhréagach nó mhíthreorach mar chuid dá n-iarratas ar an gcistiú;

4. mura bhfuil an DCDE in ann an cistiú a sholáthar nó má bheartaíonn an DCDE gan an cistiú a sholáthar faoin NSLF.

5. Má scoireann an mac léinn (ar chúis ar bith) rannpháirtíocht a dhéanamh le DCDE/Pobal ar feadh tréimhse ama mar a leagtar amach sna rialacha.

Sá chás go scoireann an DCDE de chistiú a sholáthar le haghaidh faighteora ar chúis ar bith, ansin, chun amhras a sheachaint, beidh aon táille gan íoc nó aon táille fhéideartha maidir le soláthar de Chúrsa Faofa ina hábhar idir an mac léinn agus an institiúid ardoideachais.

D. <u>Nuashonruithe ar na Coinníollacha sin</u>

D'fhéadhfadh sé go nuashonródh an DCDE na coinníollacha atá san áireamh sna Coinníollacha seo maidir le fáil na cáipéise NSLF (2026/2027). Cuirfear in iúl d'fhaighteoirí maidir le hathruithe ar bith mar sin.

Rialacha Maidir le Ciste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú - Aguisín 1

Is féidir na "Rialacha" maidir le Ciste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú (NSLF) a aimsiú ar an suíomh gréasáin i gcomhair Cothú Scileanna ag NSLF- www.gov.ie/NurturingSkillsLearnerFund

Cúrsaí Faofa- Aguisín 2

Tá nasc le cúrsaí incháilithe de réir NSLF don bhliain acadúil 2026/2027 ar an leathanach NSLF - nasc - www.gov.ie/NurturingSkillsLearnerFund

Gluais Téarmaí – Aguisín 3

<u>Gluais Téarmaí</u>

Sa cháipéis seo beidh an bhrí le gach téarma a bhfuil ceannlitir air leagtha amach mar a leanas:

Ciallaíonn "Cúrsa Faofa" céimeanna ELC (leibhéal 7 agus 8) formheasta ag an QAB faoin 8 Mean Fomhair 2025 agus mar sin de atá faofa i leith aitheantais DCDE. Tá liosta iomlán de chúrsaí faofa ag NSLF don bhliain acadúil 2026/2027 ar fáil ag Aguisín 2

Ní chiallaíonn "Táillí an Chúrsa" ach Táillí Teagaisc an Chúrsa agus Táillí Ranníocaíochta an Mhic Léinn amháin. Ní chlúdaíonn sé tobhaigh institiúideacha nó costais a bhaineann le tacaíocht don mhac léinn.

Ciallaíonn "Sonraí" gach Faisnéis Rúnda, i bhfoirm ó bhéal nó i scríbhinn (i bhfoirm leictreonach san áireamh), a bhí á cruthú nó á ceapadh ag an DCDE ar bhealach ar bith (lena n-áirítear a fhostaithe, ghníomhairí, chonraitheoirí neamhspleácha agus/nó a

Fhochonraitheoirí ach gan bheith teoranta dóibh) agus gach faisnéis atá ina haschur ó phróiseáil le ríomhaire, nó cúbláil leictreonach ar bith eile d'aon fhaisnéis a bhí á cruthú nó á ceapadh ag an DCDE a cuireadh ar fáil faoin gComhaontú seo agus áirítear leis Sonraí Pearsanta.

Is ionann an bhrí le "Rialaitheoir Sonraí" agus an bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Is ionann an bhrí le "Próiseálaí Sonraí" agus a bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Ciallaíonn "Dlíthe Cosanta Sonraí" na dlíthe, rialacháin agus treoirlínte cosanta sonraí infheidhme náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh ar fad, lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do Rialachán (AE) 2016/679 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus saorghluaiseacht a leithéid de shonraí, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an "Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí" nó "RGCS"), na hAchtanna um Chosaint Sonraí, agus aon treoirlíne nó cód cleachtais eisithe ag Oifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí nó aon údarás maoirseachta eile atá dírithe ar chosaint sonraí in Éirinn.

Is ionann an bhrí le "Duine is Ábhar do na Sonraí" agus an bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Ciallaíonn "Iarraidh ar Rochtain ag Duine is Ábhar do na Sonraí" iarraidh déanta ag Duine is Ábhar do na Sonraí i gcomhréir leis na cearta a dheonaítear faoi na Dlíthe Cosanta Sonraí maidir le rochtain ar a Sonraí Pearsanta.

Ciallaíonn "DCDE" An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

Ciallaíonn "Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige" nó "ELC" aon socrú rialáilte a sholáthraíonn foghlaim agus cúram do leanaí óna mbreith go haois a bhfuil bunscoil éigeanta. Ciallaíonn "Iarratasóir Incháilithe" ball foirne i seirbhís ELC nó SAC atá cláraithe le Tusla, sa chás a bhfuil Comhaontú Croímhaoinithe gníomhach sínithe ag an tseirbhís ina n-oibríonn siad leis an DCDE. Tá sé seo i gcomhréir le spriocanna na Comhpháirtíochta chun Leasa Phoiblí maidir le tacaíochtaí Croímhaoinithe a scaoileadh don earnáil. Tá rialacha a rialaíonn cé atá incháilithe le bheith rannpháirteach san NSLF leagtha amach in Aguisín 1.

Ciallaíonn "Mac Léinn Incháilithe" iarratasóir atá cláraithe ag an Institiúid nó ag Institiúidí do chúrsa faofa, a bhfuil a cháilitheacht maidir le NSLF fíoraithe ag an DCDE.

Ciallaíonn “An Cistiú” tacaíocht atá á soláthar ón NSLF do Mhic Léinn Incháilithe (íoctha go díreach leis an Institiúid) chun freastal ar Chúrsa Faofa mar a shonraítear in Aguisín 1 don chéad bhliain acadúil 2026/2027 agus do bhlianta dá éis, faoi réir leithdháileadh leordhóthanach buiséid.

Ciallaíonn “Tacaíochtaí Rialtais” cabhair airgeadais curtha ar fáil ag aon Roinn nó aon Ghníomhaire an Rialtais maidir le costas iomlán nó páirteach a bhaineann le dámhachtain ardoideachais a dhéanamh. Tá liosta ar fáil ag https://hea.ie/funding-governance-performance/funding/student-finance/ agus áirítear leis sin an Scéim Táillí Saor in Aisce, deontais SUSI agus réimse eile tacaíochtaí airgeadais.

Ciallaíonn “Institiúid” soláthraí de Chúrsa Faofa mar a liostaítear iad in Aguisín 2

Ciallaíonn “Scileanna a Chothú” An Plean Fórsa Saothair don Foghlaim agus Cúram na Luat-Óigeagus Ciste do ChúramLeanaí in Aois Scoile 2022-2028" (www.gov.ie/nurturingskills).

Ciallaíonn “NSLF” nó “NSLF” tionscnamh, a riarann Pobal thar ceann DCDE, lenar féidir le daoine atá ag obair i suíomhanna ELC agus SAC (Seirbhís Croímhaoinithe) agus ag tabhairt faoi cháilíochtaí ar leibhéal 7-8 atá i gcomhréir leis na caighdeáin nua a bheith i dteideal tacaíochtaí airgeadais chun costas de rannpháirtíocht sna cúrsaí sin a laghdú.

Is ardán ar líne é "Tairseach na Mac Léinn de chuid NSLF" atá mar mhol chun an fhoireann atá ag obair i bhFoghlaim agus i gCúram na Luath-Óige (ELC) agus i gCiste do ChúramLeanaí in Aois Scoile (SAC) a chumasú le hiarratais a chur isteach ar an gcistiú NSLF agus rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le NSLF

Is ionann an bhrí le “Sonraí Pearsanta” agus an bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Is ionann an bhrí le “Próiseáil” agus an bhrí tugtha de réir Dlíthe Cosanta Sonraí.

Ciallaíonn “Critéir agus Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla” nó “PACG” na Critéir agus Treoirlínte um Dhámhachtainí Gairmiúla (PACG) maidir le Cláir Chéime um Oideachas Tosaigh Gairmiúil (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) don Earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) in Éirinn arna chomhaontú ag an Aire Oideachais agus ag an Aire Leanaí, foilsithe - https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/d20a8-an-bord-comhairleach-um-chailiochtai-bcc-don-earnail-um-fhoghlaim-

agus-curam-na-luath-oige-fclo/.

Ciallaíonn “An Bord Comhairleach um Cháilíochtaí” nó “QAB” an comhlacht a chomhbhunaigh an tAire Oideachais agus (ag an am sin) an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ar bhonn neamhreachtúla chun Cláir Chéime um Oideachas Tosaigh Gairmiúil (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) a athbhreithniú don Earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC). Déanann an QAB athbhreithniú ar Chláir Chéime um Oideachas Tosaigh Gairmiúil (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) don Earnáil um "Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige" agus tugann an QAB comhairle don dá Roinn an bhfuil clár, i ndiaidh dó a bheith bailíochtaithe mar dhámhachtain, inghlactha le bheith san áireamh ar liosta de cháilíochtaí gairmiúla don earnáil um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige. Tá tuilleadh faisnéis i dtaobh an QAB ar fáil anseo:https://www.gov.ie/ga/eolas-eagraiochtai/d20a8-an-bord-comhairleach-um-chailiochtai-bcc-don-earnail-um-fhoghlaim-agus-curam-na-luath-oige-fclo/

Ciallaíonn “Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann” nó “QQI” an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as cáilíocht, ionracas agus clú den chóras breisoideachais agus ardoideachais in Éirinn a chur chun cinn (https://www.qqi.ie/).

Ciallaíonn “Ciste do ChúramLeanaí in Aois Scoile” nó “SAC” aon seirbhís ar bith in Aois Scoile arna rialú de réir an Achta um Chúram Leanaí 1991.

Ciallaíonn “An tAire” An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ciallaíonn “Institiúid” soláthraithe oideachais de chláir faofa atá cláraithe ar an Tairseach Luathbhlianta Pobal atá incháilithe don NSLF

Is féidir an "Suíomh Gréasáin DCDE i gcomhair NSLF” a aimsiú ag NSLF- www.gov.ie/NurturingSkillsLearnerFund

Is féidir “Rialacha” i gcomhair NSLF a aimsiú ag an leathanach gréasáin maidir le Scileanna a Chothú ag NSLF- www.gov.ie/NurturingSkillsLearnerFund

Litir SHAMPLACH de Chistiú Coinníollach - Aguisín 4

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Co-funded by the European Union

Litir de Chistiú Coinníollach- D'iarratasóirí NSLF nua agus do mhic léinn leanúnacha. Ceanglófar litir de chistiú coinníollach don bheirt.

Ainm an Mhic Léinn
Aitheantas NSLF

Dóibh siúd lena mbaineann,

Leis an litir seo, deimhnítear gur faomhadh ***Ainm an Mhic Léinn*** i gcomhair an chistithe faoi Chiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú maidir le rannpháirtíocht i do chlár acadúil roghnaithe formheasta ag an mBord Comhairleach um Cháilíochtaí (QAB) i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige sa bhliain acadúil 2026/2027 ag tosú san Fhómhar 2026.

Is éard atá i gCiste d'Fhoghlaimeoirí Scileanna a Chothú ná comhaontú comhchistithe leis An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (DCDE) lena ndéantar gealltanas an maoiniú a sholáthar le haghaidh méid comhionann le 80% táillí go huasmhéid €3,200 in aghaidh na bliana acadúla do mhic léinn incháilithe, tar éis do gach ciste tacaíochta an rialtais a chur san áireamh, agus an mac léinn faoi dhliteanas don institiúid don 20% de tháillí dlite atá fágtha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtacaítear le tobhaigh, táillí scrúdaithe nó táillí bronnta céime an mhic léinn leis an gciste.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach ndeimhnítear leis an litir seo gur fhaomh an DCDE an cistiú don bhliain acadúil 2026/2027 **ach amháin** sa chás go bhfuil do chúrsa roghnaithe ar an liosta formheasta ag an QAB de chúrsaí atá NSLF-incháilithe don bhliain acadúil 2026/2027. Beidh gá le litir nua de chistiú coinníollach i leith gach bliana staidéir.

Déan cinnte go soláthraítear an litir seo don Institiúid Ardoideachais lena bhfuil tá ag déanamh staidéir, nuair a chláraíonn tú, le do thoil. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfaí nach n-dtabharfar an cistiú thar do cheann don Institiúid.

SAMPLA

Ní mór do mhic léinn Pobal a chur ar an eolas maidir le hathruithe ar bith a bhaineann le cáilitheacht i gcomhair NSLF ag NSLF@pobal.ie